# Quiz Eolaíochta – Torthaí agus Glasraí

Tá an áis seo a leanas bunaithe ar fhíseán lá 2 Sheachtain na Food Dudes don mheánleibhéal. Tá nasc idir an áis seo agus an curaclam eolaíochta do dhaltaí Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair.

## Físteachtaireacht:

Tugtar míniú i bhfíseán lá a dó don mheánleibhéal ar na catagóirí de thorthaí agus glasraí.

Tá an ghníomhaíocht nasctha leis an **réimse curaclaim** seo a leanas: Eolaíocht > rudaí beo > beatha phlandúil agus ainmhíoch

## Príomhthorthaí Foghlama:

- Feasacht a fhorbairt ar phlandaí ó thimpeallachtaí níos leithne.
- Breathnú ar dhóigheanna a mbíonn iompraíochtaí plandaí agus ainmhithe faoi thionchar dálaí timpeallachta agus mar a leasaítear na hiompraíochtaí dá réir.

## Treoirlínte don Mhúinteoir:

- Priontáil an áis thíos amach do na daltaí. Féadfaidh siad an quiz a dhéanamh i ngrúpaí, i mbeirteanna nó ina n-aonar, nó féadfaidh siad é a dhéanamh ina gcóipleabhair.
- Féadfaidh na daltaí na ceisteanna a fhreagairt agus na pictiúir ar an mbileog ghníomhaíochta a dhathú.
- Tá na freagraí ar na ceisteanna sa quiz tugtha thíos.

## Freagraí ar an Quiz:

**Q1.** Úlla, piorraí, fíonchaora.

**Q2.** Thug na Food Dudes úlla agus fíonchaora isteach roimhe seo.

**C3.** Cineálacha caor: sútha talún, fraocháin ghorma, sútha craobh, sméara dubha.

**C4.** An craiceann a thugtar ar an gclúdach ar thorthaí citris.

**C5.** Bíonn torthaí citris ag fás in aeráidí teo / grianmhara / trópaiceacha / in áiteanna a bhfuil aimsir bhogthais ann.

**C6.** Is clochthoradh í an aibreog.

**C7.** Is clochthorthaí iad péitseoga, neachtairíní, plumaí, silíní, mangónna.

**C8.** Is clochthoradh é an t-abhacád.

**C9.** Tá síolta i gcúcumair agus i bpiobair.

**C10.** Is 'glasraí toraidh' iad glasraí a bhfuil síolta iontu. Tugaimid 'glasraí toraidh' orthu mar i ndáiríre is torthaí iad a fhorbraíonn ó bhláth an phlanda.

**C11.** Is samplaí de ghlasraí toraidh iad an tráta, an t-ubhthoradh agus an scuais.

**C12.** Gairleog – glasra bleibe; spionáiste – glasra duilleach; cóilis – glasra bláthach; bachlóg Bhruiséile – glasra bachlóige; meacan bán – glasra fréimhe.

**C13.** Tugaimid glasraí fréimhe orthu mar is í an fhréamh (.i. an chuid a fhásann faoin talamh) an chuid a ithimid.

**C14.** Fíor. Bíonn torthaí fréimhe ag fás in Éirinn.

**C15.** Bíonn fuinneamh ó sholas nó ón nGrian de dhíth ar phlandaí le fás.

**C16.** Fíor. Moltar idir 5 cinn agus 7 gcinn a ithe gach lá.

# Quiz Eolaíochta – Torthaí agus Glasraí



**Ainm** ____________________

**C1.** Ainmnigh 2 thoradh a bhfuil síolta iontu.

1. ____________________
2. ____________________

**C2.** An cuimhin leat céard iad na torthaí síl a thug na Food Dudes isteach chugat roimhe seo?

Freagra: ____________________

**C3.** Ainmnigh trí chineál caor agus déan pictiúr díobh.

**Q4.** Bíonn clúdach tiubh ar thorthaí citris de ghnáth. Cén t-ainm atá ar an gclúdach tiubh?

Freagra: ____________________

**Q5.** Cén cineál aimsire nó aeráide ina bhfásann torthaí citris de ghnáth?

Freagra: ____________________

**Q6.** Cén cineál toraidh í an aibreog??


Freagra: ____________________

**Q7.** Ainmnigh dhá chineál eile torthaí atá sa ghrúpa seo leis an aibreog.

1. ____________________
2. ____________________

**Q8.** Is clochthoradh é seo. Cén t-ainm atá air?

Freagra: ____________________



# Quiz Eolaíochta – Torthaí agus Glasraí



**Q9:** Anuraidh, thug na Food Dudes cúcumair agus piobair isteach chugat. Céard atá i gcoitinne ag an dá ghlasra seo?

Freagra: ______________________________

**Q10:** Cén t-ainm atá ar ghlasraí den chineál seo?

Freagra: ______________________________

**Q11:** Ainmnigh cineál eile glasra atá sa ghrúpa seo.

Freagra: ______________________________

**Q12:** Meaitseáil na glasraí sa liosta thíos leis an ngrúpa ceart.

| | |
|---|---|
| Gairleog | Glasra duilleach |
| Spionáiste | Glasra bleibe |
| Cóilis | Glasra bachlóige |
| Bachlóg Bhruiséile | Glasra bláthach |
| Meacan bán | Glasra fréimhe |

**Q13.** Cén fáth a dtugaimid 'glasraí fréimhe' ar an meacan bán, ar an gcairéad agus ar an tornapa?

Freagra: ______________________________

**Q14.** Fíor nó bréagach? Bíonn torthaí fréimhe ag fás in Éirinn.

☐ Fíor

☐ Bréagach

**Q15.** Tá rud ar leith ann a bhíonn de dhíth ar phlandaí le fás, ach níl sé ar fáil mórán in Éirinn. Mar gheall air sin, tá sé deacair cuid mhór barraí áirithe a fhás sa tír seo. Ainmnigh an rud nach bhfuil mórán de ar fáil anseo.

Freagra: ______________________________

**Q16.** Fíor nó bréagach? Molann na Food Dudes duit meascán de thorthaí agus glasraí a ithe gach lá, idir 5 cinn agus 7 gcinn.

☐ Fíor

☐ Bréagach

